Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2022
(OR. en)

15869/22

COPEN 439
CRIMORG 179
ENFOPOL 635
ENV 1280
JAI 1653
CATS 73

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | **An tuarascáil leantach críochnaitheach ar an 8ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha maidir le 'Cur chun feidhme agus feidhmiú praiticiúil na mbeartas Eorpach maidir leis an gcoireacht chomhshaoil a chosc agus a chomhrac'** |

# An tuarascáil leantach críochnaitheach ar an 8ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha maidir le 'Cur chun feidhme agus feidhmiú praiticiúil na mbeartas Eorpach maidir leis an gcoireacht chomhshaoil a chosc agus a chomhrac'

## Clár Ábhar


1. **RÉAMHRÁ** 4

2. **OBAIR LEANTACH AR NA TUARASCÁLACHA** 6

2.1 Anailís Ghinearálta 6

2.2 Anailís de réir ábhar 6

2.2.1 Feabhas a chur ar an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta inniúla 7

2.2.2 Feabhas a chur ar oiliúint maidir leis an gcoireacht chomhshaoil 7

2.2.3 Speisialtóireacht na n-údarás inniúil 8

2.2.4 Staitisticí 9

2.2.5 Cur leis an mbuiséad agus leis an bhoireann atá tiomnaithe don choireacht chomhshaoil 10

2.2.6 Feabhas a chur ar an gcur chuige straitéiseach chun dul i ngleic leis an gcoireacht chomhshaoil 10

2.2.7 Feabhas a chur ar an gcomhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach 11

2.2.8 Ábhair eile 11

3. **CONCÚID** 13

## 1. RÉAMHRÁ

Tar éis Ghníomhaíocht Chomhpháirteach an 5 Nollaig 1997 (dá ngairtear an Ghníomhaíocht Chomhpháirteach anseo feasta) a ghlacadh[1], bunaíodh sásra chun meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme na ngealltanas idirnáisiúnta i gcomhrac na coireachta eagraithe ar an leibhéal náisiúnta. I gcomhréir le hAirteagal 2 den Ghníomhaíocht Chomhpháirteach, chinn an Mheitheal um Ábhair Ghinearálta, lena n-áirítear Meastóireachtaí (GENVAL) an 14 Nollaig 2016, gur cheart an t-ochtú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha a dhíriú ar chur chun feidhme agus oibriú praiticiúil na mbeartas Eorpach maidir leis an gcoireacht chomhshaoil a chosc agus a chomhrac[2].

Ag an gcruinniú a bhí aici an 5 Bealtaine 2017, d'fhormheas GENVAL an ceistneoir meastóireachta[3] le haghaidh an ochtú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha chomh maith leis an seicheamh le haghaidh na gcuairteanna meastóireachta frithpháirteacha[4].

Rinneadh an próiseas meastóireachta ó Mheán Fómhair 2017 go Márta 2019 agus lean sé patrún a bhí comhsheasmhach leis na babhtaí meastóireachtaí roimhe sin. Chuige sin, dréachtaíodh tuarascáil tar éis gach cuairte meastóireachta, ina ndéantar cur síos fíorasach ar struchtúir eagraíochtúla agus ar chleachtais dlí ábhartha an Bhallstáit a ndearnadh meastóireacht air. Sainaithníodh sna tuarascálacha ábhartha tíre freisin na réimsí inar gá feabhas a chur orthu agus réimsí dea-chleachtais, chomh maith le moltaí a mheas an fhoireann meastóireachta a bheith iomchuí chun comhrac na coireachta comhshaoil ar leibhéal an Aontais a chuíchóiriú agus a fheabhsú a thuilleadh. Ghlac an Chomhairle an tuarascáil chríochnaitheach ar an ochtú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha[5] maille le moltaí an 2-3 Nollaig 2019.

---

[1] Gníomhaíocht Chomhpháirteach an 5 Nollaig 1997 (97/827/CGB), IO L 344, 15.12.1997, lgh. 7-9.
[2] 15196/16
[3] 7752/17 REV1
[4] 7834/17 REV1
[5] 14852/19

Bhí ar gach Ballstát tuarascáil leantach a chur isteach tar éis tréimhse 18 mí maidir le cur chun feidhme na moltaí a cuireadh faoina mbráid sna tuarascálacha tíre faoi seach. Fuair Ardrúnaíocht na Comhairle na tuarascálacha leantacha ó na Ballstáit uile. Cuireadh seacht dtuarascáil leantacha i láthair ag an gcruinniú a bhí ag Meitheal COPEN an 7 Márta 2022[6].

Ag an gcruinniú a bhí ag COPEN an 15 Iúil 2022 agus ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí (LEWP) an 20 Iúil 2022, d'iarr an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí ar mhian leo go sainráite go gcuirfí an tuarascáil leantach ón 8ú babhta meastóireachta i láthair ag cruinniú a bheidh ag LEWP/COPEN amach anseo, sula gcuirfear tuarascáil leantach deiridh i láthair, é sin a chur in iúl don Uachtaránacht agus d'Ardrúnaíocht na Comhairle[7]. Chuir Ballstát amháin in iúl gur mian leis a thuarascáil leantach a chur i láthair.[8]

Thar ceann na hUachtaránachta, rinne Ardrúnaíocht na Comhairle anailís chúramach ar an bhfaisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil maidir le cur chun feidhme na moltaí. Ba cheart a chur i dtreis go mbaineann roinnt moltaí le leagan amach uathúil na mBallstát faoi seach, dá bhrí sin, níl na moltaí a rinneadh go hiomlán mar an gcéanna. Mar sin féin, bhíothas in ann catagóiriú a dhéanamh de bharr comhainmneoirí, agus bhíothas in ann an anailís mhionsonraithe atá thíos a dhéanamh mar gheall air sin.

---

6 Pléadh na tuarascálacha leantacha seo a leanas: An tSualainn (9882/19), an Ísiltír (8951/20), an tSlóvaic (5792/20), an Ghearmáin (9639/20), an Bheilg (7669/1/20 REV 1), Poblacht na Seice (8952/2/20 REV 2) agus an Phortaingéil (ST 5769/1/21 REV 1)

7 WK 9127/22

8 Léirigh an Chróit spéis ina tuarascáil leantach (5446/22) a chur i láthair ag an gcéad chruinniú comhpháirteach eile de chuid LEWP/COPEN.

## 2. OBAIR LEANTACH AR NA TUARASCÁLACHA

### 2.1. Anailís Ghinearálta

Tá a dtuarascálacha leantacha seolta ag na Ballstáit uile chuig Ardrúnaíocht na Comhairle.

As na 334 moladh a cuireadh faoi bhráid na mBallstát a thíolaic a dtuarascálacha leantacha:

- cuireadh 205 mholadh chun feidhme (61 % den iomlán),
- cuireadh 77 moladh chun feidhme go páirteach nó tá siad á gcur chun feidhme (23 % den iomlán),
- níor cuireadh 52 mholadh chun feidhme (16 % den iomlán).

Léirítear leis na figiúirí sin, i gcoitinne, gur lean na Ballstáit na moltaí ó na saineolaithe. Má chuirtear na moltaí a chuirtear chun feidhme leis na cinn a cuireadh chun feidhme go páirteach nó atá á gcur chun feidhme, beidh 84 % díobh curtha chun feidhme. Ag cur san áireamh go bhféadfadh an tréimhse leantach 18 mí a bheith gearr i gcás roinnt moltaí, go háirithe i gcás leasuithe reachtacha, is féidir a bheith ag súil leis go mbainfí an ráta sin amach.

### 2.2. Anailís de réir ábhar

Baileofar a moltaí a thug na foirne meastóireachta do na Ballstáit de réir ábhar. Leagtar béim thíos ar na hábhair is tábhachtaí a ndearnadh an líon is mó moltaí ina leith.

### 2.2.1. Feabhas a chur ar an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta inniúla

Dhírigh na foirne meastóireachta an chuid is mó dá n-aird ar an gcomhar idir na húdaráis inniúla i gcomhrac na coireachta comhshaoil. Rinne na saineolaithe 53 mholadh sa réimse sin, beagnach 16 % de líon iomlán na moltaí a cuireadh faoi bhráid na mBallstát. Dá bhrí sin, dar leis na saineolaithe go bhfuil an comhar idir na húdaráis inniúil ar cheann de na tosaíochtaí is tábhachtaí. Tá sé sin iomlán intuigthe i réimse ina bhfuil roinnt geallsealbhóirí.

As na 53 mholadh sin:

- cuireadh 40 mholadh chun feidhme (75 % den iomlán),
- cuireadh 9 moladh chun feidhme go páirteach nó tá siad á gcur chun feidhme (17 % den iomlán) agus
- níor cuireadh 4 mholadh chun feidhme (8 % den iomlán).

Léirítear leis na figiúirí sin gur lean na Ballstáit na moltaí ó na saineolaithe. D'fhéadfaí bunú an Tascfhórsa Náisiúnta um Shlándáil Chomhshaoil, síniú comhaontuithe idir na húdaráis náisiúnta inniúla, ceapacháin na bpointí teagmhála, cruthú meithleacha idirdhisciplíneacha nó rochtain ar bhunachair sonraí éagsúla a lua ar na nithe éagsúla a baineadh amach sna tuarascálacha leantacha.

Eascraíonn na deacrachtaí a bhaineann leis an easpa cur chun feidhme i dtaca leis na moltaí sa réimse seo as fadhbanna bunreachtúla nó reachtacha.

### 2.2.2. Feabhas a chur ar oiliúint maidir leis an gcoireacht chomhshaoil

Ba í an oiliúint an dara hábhar ar ar dhírigh na saineolaithe agus moltaí á ndéanamh acu. Cuireadh 40 moladh faoi bhráid na mBallstát sa réimse seo, arb ionann iad agus 12 % de líon iomlán na moltaí. Is léir gur chinn na saineolaithe go bhféadfaí feabhas a chur ar leibhéal an eolais a bhí ag na geallsealbhóirí éagsúla i gcomhrac na coireachta comhshaoil.

As na 40 moladh sin:

- cuireadh 33 mholadh chun feidhme (83 % den iomlán),
- cuireadh 3 moladh chun feidhme go páirteach nó tá siad á gcur chun feidhme (7 % den iomlán) agus
- níor cuireadh 4 mholadh chun feidhme (10 % den iomlán).

Léirítear sna tuarascálacha leantacha go ndearna na Ballstáit a seacht ndícheall na moltaí a bhaineann le hoiliúint a chomhlíonadh. Chuir siad oiliúint nua (lena n-áirítear ríomhoiliúint) ar fáil do na húdaráis inniúla. Thairis sin, cuireadh ceardlanna agus oiliúint chomhpháirteach ar fáil do na húdaráis éagsúla ábhartha.

Léirítear, leis na figiúirí sin, go bhfuil na Ballstáit ar an gconair cheart chun cur leis an eolas atá ag na ngeallsealbhóirí ábhartha uile agus gur cheart dóibh leanúint dá n-iarrachtaí. Mar gheall ar an bpaindéim nó ar neamhspleáchas na mbreithiúna, áfach, ní raibh roinnt Ballstát in ann na moltaí a chur chun feidhme.

### 2.2.3. Speisialtóireacht na n-údarás inniúil

Ba é speisialtóireacht na n-údarás inniúil an tríú réimse feabhais ar ar dhírigh na saineolaithe. Go deimhin, bhí 30 moladh nasctha leis an ábhar seo, arb ionann é agus beagnach 9 % de líon iomlán na moltaí.

As na 30 mholadh sin:

- cuireadh 16 mholadh chun feidhme (53 % den iomlán)
- cuireadh 9 moladh chun feidhme go páirteach nó tá siad á gcur chun feidhme (20 % den iomlán) agus
- níor cuireadh 5 mholadh chun feidhme (17 % den iomlán).

Cuireadh níos mó ná leath de na moltaí chun feidhme sa réimse seo agus chruthaigh na Ballstáit líonraí náisiúnta i roinnt comhlachtaí inniúla agus ina raibh ionchúisitheoirí nó póilíní/imscrúdaitheoirí speisialaithe.

Mar sin féin, dealraíonn sé go raibh deacrachtaí ag na Ballstáit cur le speisialtóireacht na n-údarás inniúil. Is cosúil gurb é an chúis is mó go bhfuil am ag teastáil chun aonaid speisialaithe a chur ar bun, go háirithe laistigh de na póilíní. Chuir na Ballstáit i dtreis freisin go bhfuil sé deacair ionchúisitheoirí speisialaithe a cheapadh ina dtíortha féin nó réamhriachtanas a dhéanamh de speisialtóireacht sa choireacht chomhshaoil sula gceapfar ionchúisitheoir. Thairis sin, chuir roinnt Ballstát in iúl nach bhfuil go leor cásanna coiriúla sa choireacht chomhshaoil chun speisialtóireacht a iarraidh i measc na mbreithiúna.

#### 2.2.4. Staitisticí

Baineann saincheist thábhachtach eile leis an easpa staitisticí: cuireadh 26 mholadh faoi bhráid na mBallstát chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí le léargas níos soiléire a fháil ar an gcoireacht chomhshaoil.

As na 26 mholadh sin:

- cuireadh 8 mholadh chun feidhme (30 % den iomlán)
- cuireadh 11 moladh chun feidhme go páirteach nó tá siad á gcur chun feidhme (42 % den iomlán) agus
- níor cuireadh 7 mholadh chun feidhme (27 % den iomlán).

Is léir, sa réimse sin, go bhfuil deacrachtaí ag na Ballstáit na moltaí a chomhlíonadh. D'éirigh le roinnt Ballstát comhroinnt faisnéise agus bailiú faisnéise níos fearr a áirithiú idir na húdaráis inniúla i gcomhrac na coireachta comhshaoil agus iad a chomhtháthú in aon chóras amháin, nó tá siad ag obair ar é sin a dhéanamh. Chomh maith leis sin, foilsíonn roinnt Ballstát a staitisticí maidir leis an gcoireacht chomhshaoil.

Léirítear sna tuarascálacha leantacha gurb é an príomhdhúshlán sa réimse seo bunachar sonraí comhtháite a chruthú ina gcuirtear an t-eolas go léir ó na húdaráis inniúla éagsúla. Bíonn sé deacair nó dodhéanta naisc a bhunú idir bunachair sonraí atá ann cheana mar gheall ar shaincheisteanna teicniúla. Chuir cuid de na Ballstáit in iúl freisin nach raibh sé soiléir cén cineál sonraí a rabhthas ag súil leo go díreach.

### 2.2.5. An buiséad agus an fhoireann atá tiomnaithe don choireacht chomhshaoil a neartú

Mheas na foirne meastóireachta freisin go raibh sé tábhachtach díriú ar an ngá atá le cistí a leithdháileadh go sonrach ar chomhrac na coireachta comhshaoil agus foireann na n-údarás inniúil a neartú. Sa réimse sin, rinne na saineolaithe 25 mholadh (7.5 % de líon iomlán na moltaí).

As na 25 mholadh sin:

- cuireadh 15 mholadh chun feidhme (60 % den iomlán)
- cuireadh 3 moladh chun feidhme go páirteach nó tá siad á gcur chun feidhme (12 % den iomlán) agus
- níor cuireadh 7 mholadh chun feidhme (28 % den iomlán).

Cuireadh níos mó ná leath de na moltaí chun feidhme: tá foireann earcaithe ag roinnt Ballstát i ngníomhaireachtaí custaim, póilíneachta nó comhshaoil. Thairis sin, tá an buiséad a leithdháiltear ar na breithiúna agus ar na póilíní méadaithe ag roinnt Ballstát.

Mar sin féin, ní raibh líon suntasach Ballstát in ann na moltaí a chomhlíonadh. Baineann na deacrachtaí le cistí breise a fháil chun baill foirne a fhostú agus iad a leithdháileadh ar bhuiséad na coireachta comhshaoil. Maidir leis an dara pointe sin, tá saincheisteanna dlíthiúla ag roinnt Ballstát freisin maidir le cistí a leithdháileadh go sonrach ar chomhrac na coireachta comhshaoil.

### 2.2.6. Feabhas a chur ar an gcur chuige straitéiseach chun dul i ngleic leis an gcoireacht chomhshaoil

Cuireadh 24 mholadh (7 %) faoi bhráid na mBallstát chun straitéis chomhshaoil náisiúnta aonair a fhorbairt, lena mbunófaí tosaíochtaí agus acmhainní chun dul i ngleic leis an gcoireacht chomhshaoil, agus lena leagtar amach róil na ngníomhaithe éagsúla agus an comhar eatarthu sa réimse seo.

As na 24 mholadh sin:

- cuireadh 17 mholadh chun feidhme (70 % den iomlán)
- cuireadh 6 moladh chun feidhme go páirteach nó tá siad á gcur chun feidhme (25 % den iomlán) agus
- níor cuireadh 1 mholadh chun feidhme (5 % den iomlán).

Chomhlíon na Ballstáit na moltaí ó na saineolaithe den chuid is mó sa réimse seo. Cuirtear síos sna tuarascálacha leantacha ar phleananna straitéiseacha fadtéarmacha a bhaineann leis na húdaráis náisiúnta inniúla nó na hAireachtaí atá freagrach astu. I dtuarascáil leantach amháin luaitear fiú go gcruthaítear Aireacht ar leith lena beartas féin i réimse chomhrac na coireachta comhshaoil.

### 2.2.7. Feabhas a chur ar an gcomhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach

Clúdaítear roinnt gnéithe leis an gcomhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach: cuimsíonn sé an comhar idir údaráis phoiblí agus cuideachtaí príobháideacha nó eagraíochtaí neamhrialtasacha ach cuimsítear feachtas poiblí agus feasacht ar shaincheisteanna comhshaoil chomh maith. Rinneadh 18 moladh sa réimse seo.

As na 18 mholadh sin:

- cuireadh 14 mholadh chun feidhme (78 % den iomlán)
- cuireadh 2 moladh chun feidhme go páirteach nó tá siad á gcur chun feidhme (11 % den iomlán) agus
- níor cuireadh 2 mholadh chun feidhme (11 % den iomlán).

Tá na moltaí comhlíonta ag beagnach gach Ballstát. Thuairiscigh siad gur chuir siad feasacht an phobail san áireamh ina bpleananna gníomhaíochta chun an gcoireacht chomhshaoil a chomhrac. Ina theannta sin, tá naisc forbartha ag údaráis náisiúnta inniúla leis an earnáil phríobháideach nó le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun tuilleadh faisnéise agus tacaíocht a fháil agus iad i mbun imscrúduithe.

### 2.2.8. Ábhair eile

Seasann na moltaí atá fágtha do thart ar aon trian de líon iomlán na moltaí a cuireadh faoi bhráid na mBallstát.

Nasctar cuid de na moltaí sin leis an bhféidearthacht comhar a fheabhsú le líonraí an Aontais ar nós *Líonra an Aontais Eorpaigh maidir le Dlí an Chomhshaoil a Chur chun Feidhme agus a Fhorfheidhmiú* (IMPEL), *an Líonra um Choireacht Chomhshaoil* (EnviCrimeNet), *Líonra Eorpach na nIonchúisitheoirí don Chomhshaol* (ENPE) nó *Fóram Breithiúna an Aontais Eorpaigh don Chomhshaol* (EUFJE). Glacadh go maith leis na moltaí agus cheap na Ballstáit cleachtóirí chun dul isteach sna líonraí sin nó chun feabhas a chur ar na naisc atá acu leo.

Díríodh freisin ar an méadú ar líon na seiceálacha ar loingsiú dramhaíola agus ar cháilíocht na seiceálacha sin. Comhlíonadh beagnach na moltaí go léir a rinneadh maidir leis an ábhar seo. D'aimsigh na Ballstáit bealaí éagsúla chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh: mhéadaigh siad líon na mball foirne sna húdaráis inniúla agus, mar thoradh air sin, ardaíodh líon na seiceálacha, nó d'iarr siad ar na húdaráis a bhí ann cheana seiceálacha breise a dhéanamh. D'fhorbair siad cigireachtaí comhpháirteacha freisin ina raibh údaráis inniúla éagsúla páirteach, agus mar sin, is féidir leas a bhaint as cáilíochtaí comhlachtaí éagsúla in aon seiceáil amháin. Thairis sin, scaipeann siad dea-chleachtais roinnt údarás inniúil ar údaráis inniúla eile.

Tá na moltaí uile a rinneadh maidir le coireanna comhshaoil a nascadh le coireanna eacnamaíocha ar bhealach níos fearr nach mór comhlíonta. Rinne na Ballstáit é sin trí dhlí nua a eisiúint nó trí thosaíochtaí nua a shainiú laistigh de na húdaráis inniúla. Ar an mbealach céanna, rinne na Ballstáit ar moladh dóibh leibhéal na bhfíneálacha riaracháin a mhéadú amhlaidh, rinne siad athruithe reachtacha, nó chruthaigh siad uirlisí nua riaracháin, mar shampla, treoirlínte do na húdaráis inniúla.

Bhí níos mó fadhbanna ag baint leis na moltaí inar moladh idirdhealú a dhéanamh idir smachtbhannaí riaracháin agus coiriúla. Rinne roinnt Ballstát athbhreithniú ar an dlí atá acu nó tá sé ar intinn acu é sin a dhéanamh, mheas Ballstáit eile gur leor na critéir atá ann faoi láthair chun an t-idirdhealú sin a dhéanamh.

Bhain ábhar tábhachtach eile le córas anailíse riosca a chruthú. I measc na mBallstát a moladh dóibh é sin a dhéanamh, níor éirigh ach le líon beag díobh an méid sin a chur chun feidhme laistigh de na 18 mí a tugadh leis an obair leantach a dhéanamh. Teastaíonn níos mó ama ó Bhallstáit eile, rud atá intuigthe nuair a chruthaítear ardán nua nó má dhéantar an cur chun feidhme de réir a chéile.

## 3. CONCLÚID

I bhfianaise líon na moltaí a cuireadh chun feidhme - lena n-áirítear na moltaí a cuireadh chun feidhme go páirteach nó atá á gcur chun feidhme –, chinn na Ballstáit go bhfuil na moltaí a rinne na foirne meastóireachta sa tuarascáil tíre faoi seach ábhartha i gcomhrac na coireachta comhshaoil.

Ba cheart tagairt a dhéanamh don chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair i ndáil leis an dréacht-*Treoir maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Threoir 2008/99/CE*[9]. Is é is aidhm don togra beachtas, deimhneacht dhlíthiúil agus éifeachtacht a chur le creat dlíthiúil an Aontais maidir leis an gcoireacht chomhshaoil agus an creat sin a fheabhsú. Cuirfidh na bearta sin feabhas ar an gcreat lena dtacaítear leis an obair ríthábhachtach atá ar bun ag gairmithe i gcomhrac na coireachta, mar shampla cigirí, póilíní, ionchúisitheoirí agus breithiúna.

Agus an próiseas reachtach á chur san áireamh, níl aon chéimeanna leantacha eile beartaithe faoi chuimsiú an ochtú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha.

---

[9] COM(2021) 851 final